d Analysis of Total Retirement Benefit Costs charged to the Statement of Comprehensive Income

	2022 €'000	2021 €'000
Experience Gain on Retirement Benefit Liabilities	50	421
Changes in assumptions underlying the presentvalue of Retirement Benefit Liabilities	17,636	(995)
Actuarial Gain (Loss) on Retirement Benefit Liabilities	17,686	(574)

e Movement in Net Retirement Benefit Obligations

	2022 €'000	2021 €'000
Scheme Deficit at beginning of year:	(40,427)	(38,841)
Current Service Cost	(1,234)	(1,150)
Contribution - Employees	(525)	(433)
Pensions paid in year	583	918
Interest on Pension Scheme Liabilities	(545)	(347)
Actuarial Gain (Loss)	17,686	(574)
Scheme Deficit at end of year	(24,462)	(40,427)

f History of Defined Benefit Obligations

	2022	2021	2020
Experience gains and (losses) on scheme liabilities: Amount (€'000)	50	421	(586)
Percentage of Scheme Liabilities	0.2%	1.0%	(1.5%)
Total amount recognised in the Statement of Comprehensive Income Amount (€'000)	17,686	(574)	(3,504)
Percentage of Scheme Liabilities	72.3%	(1.4%)	(9.0%)

19 University Pension Control Accounts

At 30 September 2022 the universities had net deficits of €75.9m (2021: €198.6m) on their pension control accounts for their Closed and Model pension schemes. In the 3 months to 31 December 2022 the Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science provided funding of €142.3m towards these deficits.

In addition, the universities had net surpluses at 30 September 2022 of €74m (2021: €73.6m) on their pension control accounts for their Single Public Service pension scheme.

20 Events after the Reporting Period

There are no events between the reporting date and the date of approval of these financial statements that require adjustment to the financial statements.

21 Comparative Figures

Comparative figures in the prior year have been adjusted to conform with changes in presentation in these financial statements.

22 Approval of Financial Statements

The financial statements were approved by the board of the Higher Education Authority on 25 April 2023.

Schedule 1

Grant Income Year Ended 31 Dec 2022

Oireachtas Grants

Name of Grantor	Type of Grant	Opening Deferral 01-Jan-22 €'000	Grant Received 2022 €'000	Closing Deferral 31-Dec-22 €'000	Income & Expenditure 2022 €'000
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science	General Vote 45 B04	13,900	1,332,315	11,628	1,334,587
	Pensions Vote 45 B10.2	0	226,290	0	226,290
	Access Vote 45 B11	2,189	40,794	8,452	34,531
	Capital Vote 45 B16	0	116,182	0	116,182
	Research Vote 45 B12	6,451	63,450	8,417	61,484
	Capital Research Vote 45 C4	0	8,682	0	8,682
	Administration Vote 45 B03	0	9,200	0	9,200
	NTF Labour Market Focused	0	152,555	0	152,555
	NTF Apprenticeship	0	59,599	0	59,599
	NTF Springboard+	5,553	41,438	7,081	39,910
	NTF Human Capital initiative	13,813	60,000	14,212	59,601
			41,906	2,110,505	49,790

An amount of €313.592m (2021: €287.668m) was received during the year from the National Training Fund. These funds were used to raise the skills and knowledge of both the employed and unemployed and to provide learning to meet existing or future labour market skills needs of the economy including apprenticeships, skills training and enterprise focused higher education.

Other Grants

Name of Grantor	Type of Grant	Opening Deferral 01-Jan-22 €'000	Grant Received 2022 €'000	Closing Deferral 31-Dec-22 €'000	Income & Expenditure 2022 €'000
Health Service Executive	Nursing	0	7,508	0	7,508
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science	B13 International	1,062	2,700	2,449	1,313
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science	Teacher Education	0	1,881	0	1,881
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science	Erasmus International Support (BAR)	0	3,500	0	3,500
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media	Gaeltacht Initiatives	0	1,911	0	1,911
Department of Health	Healthy Campus	25	220	212	33
Sustainable Energy Authority of Ireland	Capital	2,045	8,797	8,881	1,961
EU	Gender Action	0	63	62	1
EU	Erasmus+	11,182	16,914	10,500	17,596
		14,314	43,494	22,104	35,704

Grant Schedule 2022 TOTAL GRANTS PAID

Institution	RECURRENT GRANTS €'000	CAPITAL GRANTS €'000	RESEARCH GRANTS €'000	SKILLS GRANTS €'000	OTHER GRANTS €'000	TOTAL 2022 €'000	TOTAL 2021 €'000
University College Dublin	157,687	18,695	15,915	5,477	68,111	265,885	227,138
University College Cork	132,273	21,368	7,499	4,559	43,087	208,787	175,004
National University of Ireland Galway	107,991	2,775	10,039	3,361	30,718	154,885	142,914
Maynooth University	91,358	1,735	9,454	1,105	16,668	120,320	108,523
Trinity College Dublin	123,122	8,818	13,116	5,586	59,699	210,341	184,562
University of Limerick	99,446	3,883	6,008	5,861	19,982	135,181	118,080
Dublin City University	105,130	11,374	4,098	7,312	16,729	144,643	121,219
Technological University of the Shannon	87,658	6,787	436	17,278	2,355	114,514	29,085
Athlone Institute of Technology					7	7	33,029
Institute of Technology Carlow	8,861		61	350	104	9,376	44,113
Dundalk Institute of Technology	31,649	6,842	61	6,759	791	46,102	32,687
Dún Laoghaire Institute of Art, Design and Technology	17,496	1,368	114	451	592	20,022	16,429
Galway-Mayo Institute of Technology	9,368			1,281	552	11,201	59,089
Limerick Institute of Technology						0	34,440
Letterkenny Institute of Technology	5,700	44		74	114	5,932	30,506
Institute of Technology Sligo	6,270			520	30	6,821	48,808
Waterford Institute of Technology	14,024		55	1,215	113	15,407	60,719
Technological University Dublin	163,868	3,931	1,398	22,678	6,168	198,043	179,601
Munster Technological University	101,454	8,093	132	19,949	2,327	131,954	114,519
National College of Art and Design	13,420	1,097		2,860	3,548	20,925	19,125
Mary Immaculate College	28,089	664	251		4,798	33,802	26,326
St Angela's College	8,795	228	14		1,427	10,464	8,599
Dublin Institute of Advanced Studies			229			229	173
Economic and Social Research Institute			29			29	0
Griffith College				1,761	41	1,801	3,391
Institute of Public Administration						0	15
Other Irish Private Institutions				13,656	44	13,700	23,033
Irish Universities Association	706		240		3	949	1,921
Technological Higher Education Association	274					274	274
Atlantic Technological University (ATU)	95,669	16,247	372	18,211	3,566	134,066	
South East Technological University (SETU)	70,325	3,994	645	13,395	2,944	91,303	
King's Inn					1	1	
Marino Institute					212	212	277
National College of Ireland	0		105	2,667	113	2,886	3,532
National University of Ireland	13				438	451	370
St Patricks Carlow College					4	4	21
Pontifical University					50	50	33
Royal College of Surgeons	6,966		1,997	2,233	249	11,444	9,586
Royal Irish Academy	6,167	200	511		585	7,463	6,516
Royal Irish Academy of Music					49	49	15
St Nicholas Montessori College					-34	-34	-2
Teagasc			34			34	245
UK Institutions					231	231	174
Assoc. for Higher Education Access & Disability	300					300	300
IRC - SCIENCE EU PROJECTS			223			223	
European Research Partners						0	501
Health Research Board			5			5	1,081
EU Institutions - HERA Projects			30			30	3,488
Lindau			13			13	
HECA						0	422
TOTAL	1,494,083	118,143	73,083	158,600	286,415	2,130,323	1,869,880

Grant Schedule 2022 RECURRENT GRANTS PAID

Institution	CORE €	FEEES €	NURSING €'000	STRATEGIC INITIATIVES €'000	OTHER €'000	TOTAL 2022 €'000	TOTAL 2021 €'000
University College Dublin	67,442	49,504	8,537	15,772	16,433	157,687	131,280
University College Cork	56,153	44,835	6,963	10,464	13,858	132,273	116,459
National University of Ireland Galway	47,019	37,323	3,763	5,999	13,888	107,991	97,586
Maynooth University	32,195	35,635		13,104	10,425	91,358	79,723
Trinity College Dublin	52,142	37,145	9,206	12,347	12,282	123,122	103,321
University of Limerick	39,539	35,389	3,800	9,833	10,884	99,446	87,357
Dublin City University	44,476	37,130	6,826	3,805	12,893	105,130	91,074
Technological University of the Shannon	53,511	5,791	1,827	17,489	9,041	87,658	18,704
Athlone Institute of Technology						0	26,664
Institute of Technology Carlow	8,244			617		8,861	32,885
Dundalk Institute of Technology	19,127	1,738	3,387	4,014	3,383	31,649	25,032
Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology	11,699	1,398		2,398	2,001	17,496	14,258
Galway-Mayo Institute of Technology	7,985		563	820		9,368	41,348
Limerick Institute of Technology						0	26,741
Letterkenny Institute of Technology	4,257		908	535		5,700	23,817
Institute of Technology Sligo	6,270					6,270	33,998
Waterford Institute of Technology	11,872		1,389	763		14,024	49,664
Technological University Dublin	116,290	12,504		16,705	18,370	163,868	144,078
Munster Technological University	70,687	6,631	2,180	11,988	9,968	101,454	88,841
National College of Art and Design	7,920	4,004		393	1,103	13,420	12,261
Mary Immaculate College	12,932	9,019		2,282	3,855	28,089	22,639
St Angela's College	2,978	2,390	1,708	811	908	8,795	7,171
HECA						0	402
Irish Universities Association				706		706	1,333
Technological Higher Education Association					274	274	274
Atlantic Technological University (ATU)	60,375	8,196	2,178	12,795	12,125	95,669	
South East Technological University (SETU)	43,311	6,204	2,013	9,395	9,403	70,325	
National University of Ireland	13					13	13
Royal College of Surgeons		2,288		4,251	427	6,966	5,756
Royal Irish Academy	3,967			2,200		6,167	5,601
Assoc for Higher Education Access & Disability	300					300	300
TOTAL	780,704	337,123	55,249	159,758	161,248	1,494,083	1,288,578

Grant Schedule 2022 SKILLS GRANT PAID

Institution	APPRENTICESHIP €'000	SPRINGBOARD+ €'000	HCI €'000	TOTAL 2022 €'000	TOTAL 2021 €'000
University College Dublin		1,504	3,973	5,477	7,694
University College Cork		723	3,836	4,559	6,599
National University of Ireland Galway		966	2,395	3,361	3,723
Maynooth University		156	949	1,105	1,784
Trinity College Dublin		713	4,873	5,586	7,194
University of Limerick	1,084	1,326	3,451	5,861	8,313
Dublin City University		598	6,714	7,312	10,956
Technological University of the Shannon	7,865	6,223	3,190	17,278	7,361
Athlone Institute of Technology				0	5,006
Institute of Technology Carlow	350			350	7,928
Dundalk Institute of Technology	5,469	610	681	6,759	4,892
DúnLaoghaire Institute of Art, Design & Technology		393	58	451	562
Galway-Mayo Institute of Technology	964		317	1,281	6,334
Limerick Institute of Technology				0	5,797
Letterkenny Institute of Technology	74			74	3,329
Institute of Technology Sligo	520			520	9,641
Waterford Institute of Technology	595	621		1,215	6,470
Technological University Dublin	12,401	2,059	8,217	22,678	18,984
Munster Technological University	12,059	2,142	5,748	19,949	17,549
National College of Art and Design			2,860	2,860	2,864
Griffith College	851	910		1,761	3,348
Institute of Public Administration				0	15
Other Irish Private Institutions	414	11,244	1,998	13,656	22,969
Atlantic Technological University (ATU)	9,878	5,166	3,167	18,211	
South East Technological University (SETU)	6,439	2,351	4,605	13,395	
National College of Ireland	618	1,961	89	2,667	3,486
Royal College of Surgeons			2,233	2,233	2,441
TOTAL	59,580	39,665	59,355	158,600	175,238

Grant Schedule 2022 OTHER GRANTS PAID

Institution	SUPERANNUATION €'000	ACCESS €'000	ERASMUS €'000	OTHER €'000	TOTAL 2022 €'000	TOTAL 2021 €'000
University College Dublin	61,611	3,230	2,843	428	68,111	73,465
University College Cork	37,491	3,381	1,910	305	43,087	42,118
National University of Ireland Galway	25,427	2,006	1,863	1,423	30,718	30,404
Maynooth University	12,385	2,862	1,175	246	16,668	9,616
Trinity College Dublin	55,736	1,719	2,219	25	59,699	53,778
University of Limerick	12,864	2,577	3,283	1,258	19,982	18,805
Dublin City University	11,838	2,893	1,382	615	16,729	11,556
Technological University of the Shannon		1,645	709		2,355	1,638
Athlone Institute of Technology			7		7	187
Institute of Technology Carlow		82	12	10	104	1,088
Dundalk Institute of Technology		633	153	5	791	661
DúnLaoghaire Institute of Art, Design & Technology		388	205		592	723
Galway-Mayo Institute of Technology		223	329		552	2,491
Limerick Institute of Technology		0	0		0	516
Letterkenny Institute of Technology		104	0	10	114	1,024
Institute of Technology Sligo		-7	37		30	1,137
Waterford Institute of Technology		133	-35	15	113	1,617
Technological University Dublin		4,122	2,021	25	6,168	5,507
Munster Technological University		1,591	516	220	2,327	1,740
National College of Art and Design	3,100	235	213		3,548	2,684
Mary Immaculate College	3,634	635	515	15	4,798	2,671
St Angela's College	1,181	187	59		1,427	1,202
St. Pats Carlow College		4			4	21
Pontifical College		39	11		50	33
Marino College		198	15		212	277
Griffith College			16	25	41	43
Other Irish Private Institutions		-5	8	40	44	65
ATU		3,039	326	200	3,566	
SETU		2,114	615	215	2,944	
King's Inn		1			1	
UK Institutions		231			231	174
Irish Universities Association		3			3	378
National College of Ireland		7	81	25	113	47
National University of Ireland	438				438	357
Royal College of Surgeons		130	119		249	103
Royal Irish Academy	585				585	340
Royal Irish Academy Of Music			49		49	15
St Nicholas Montessori College		2	-36		-34	-1
HECA					0	20
TOTAL	226,290	34,400	20,620	5,105	286,415	266,501



Higher Education Authority

3 Shelbourne Buildings
Crampton Avenue
Shelbourne Road
Ballsbridge
D04 C2Y6

Contact

Phone: +353 1 231 7100
Lo-Call Number: 1890 200 637
Fax: +353 1 231 7172
Email: info@hea.ie

Tuarascáil Bhliantúil 2022

CLÁR ÁBHAIR

1 Réamhrá ón Dr Alan Wall, POF	4
2 Litir ón gCathaoirleach, an tUas Michael Horgan	5
3 Príomhshonraí Ardoideachais 2021/22	8
4 Feidhmíocht ÚAO	9
a Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Barrfeabhais Oibríochta	10
b Maoiniú, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht	11
c Straitéis, Feidhmíocht, Athchóiriú an Chórais, Idirnáisiúnta, Teagasc agus Foghlaim, Folláine agus Taighde na Mac Léinn	12
d Cothromas Rochtana	18
e Scileanna, Infhostaitheacht agus Rannpháirtíocht	23
f ÚAO mar Sháreagraíocht	27
g Claochlú Digiteach	28
5 Rialachas Corparáideach	29
6 Ráitis Airgeadais -	34
■ Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird	35
■ Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha	48
■ Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	51
■ Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil	54
■ Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	55
■ Ráiteas ar an Staid Airgeadais	56
■ Ráiteas ar Shreafaí Airgid	57
■ Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Sceideal 1 Ioncam Deontais	58
■ Sceideal maidir le Deontais íoctha	75



Réamhrá ón Dr Alan Wall, POF

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil an ÚAO do 2022 a chur i láthair.

Tá súil agam go bhfaighidh tú an tuarascáil agus na ráitis airgeadais seo mar acmhainn úsáideach chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpríomhghníomhaíochtaí in 2022.

Anuraidh d'fhill comhaltaí foirne ar obair oifige faoina Socruithe Oibre Cumaiscthe. Is mór ag an ÚAO faomhadh do phoist nua a fhaightear ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta Taighde agus Scileanna. Le linn 2022 bhí 13 fheachtas earcaíochta ar leith ann agus tháinig 29 comhalta foirne nua isteach san eagraíocht.

D'oibrigh an ÚAO in éineacht le SOLAS ar Oifig Náisiúnta Treasach nua a bhunú. Forbairt shuntasach i dtírdhreach breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann ab ea bunú na hOifige Náisiúnta Treasach agus tá ról tábhachtach aige i múnú thodhchaí chóras oideachais threasach na tíre. Ceapadh an Dr Fiona Maloney ina Stiúrthóir ar an Oifig in 2022.

Lean an ÚAO de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ar a chlár claochlaithe gnó. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Airgeadais an ÚAO agus cuireadh tús le hobair ar chur i bhfeidhm chóras bainistíochta páirtithe leasmhara nua an ÚAO. Lean an tslándáil dhigiteach de bheith ina cuid ríthábhachtach d'obair an Aonaid TF agus glacadh roinnt beart lena n-áirítear tionscnaimh faisnéise faoi bhagairtí digiteacha éagsúla agus oiliúint rialta foirne intí a chur chun feidhme.

D'eagraigh an ÚAO comhdháil i mí na Samhna 2022 chun comóradh 50 bliain a dhéanamh air. Léirigh an chomhdháil, ar thug an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna aghaidh uirthi, ar fhorbairt na hearnála ardoideachais le 50 bliain anuas agus ar a tionchar ar an tsochaí agus í ag tnúth le deiseanna atá os comhair an ardoideachais sna 50 bliain amach romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir san ÚAO agus sa Chomhairle um Thaighde in Éirinn as an méid a chuir siad le hobair an ÚAO agus na Comhairle le linn 2022.



Litir ón gCathaoirleach, an tUas Michael Horgan

An 4 Deireadh Fómhair 2023

An tUasal Simon Harris TD,
An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

A Aire, a chara,

Thar ceann an Bhoird agus an Fheidhmeannais, tá sé de phribhléid agam cóip de thuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an ÚAO do 2022 a chur faoi bhur mbreithniú. Ba bhliain thar a bheith tábhachtach i 2022 agus an ÚAO ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód, agus ba thábhachtaí fós reachtaíocht nua a achtú don ÚAO. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt duit a Aire agus do d'oifigigh as an ról atá agat maidir le hachtú na reachtaíochta sainchomharthaí seo a dhaingniú. Seo a leanas roinnt príomhéachtaí eile le linn 2022:

- Tá áthas ar leith orm an ceathrú Plean Náisiúnta Rochtana – Seoladh Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíochta agus Rathúlachta in 2022 a thuairisciú. Ina theannta sin, seoladh dhá chlár nua PATH in 2022 chun cabhrú le rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas intleachta agus mic léinn ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach.
- Ceann de phríomhchuspóirí an Bhoird ó thús ár dtéarma ná feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí an ÚAO. Sheol Rannóg Staidrimh an ÚAO a dheiseanna nua Rochtain ar ár Sonraí a chuirfidh ar chumas na mac léinn tacair sonraí an ÚAO a íoslódáil agus a easpórtáil go héasca le haghaidh tuilleadh taighde.
- Chríochnaigh an ÚAO monatóireacht ar chur i bhfeidhm Chreat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais 2018-2020 tríd an bpróiseas bliantúil um Idirbheartaíocht Straitéise agus Feidhmíochta le hInstitiúidí Ardoideachais (IAOnna). Fuair sé institiúid dámhachtainí Feidhmíochta Córais arbh fhiú €6m san iomlán iad. Tar éis reachtaíocht nua a achtú, cuireadh tús le plé ar Chreat Feidhmíochta Córais nua.
- Chuir an ÚAO tús le tionscnamh chun deiseanna a aithint chun acmhainn a thógáil sna disciplíní seo a leanas: Fiaclóireacht, Cógaisíocht, Leigheas, Altranas agus Tréidliacht. Fuarthas 39 togra san iomlán ó 15 Institiúid Ardoideachais.
- Sheol an ÚAO leagan athbhreithnithe dá Phrionsabail Dea-Chleachtais sa Taighde. Cuimsíonn sé prionsabail nua a théann i ngleic le Comhionannas Inscne agus Cuimsitheacht agus Taighde agus Inbhuanaitheacht.
- D'eisíoc an tAonad um Chláir Chaipitil thart ar €120m de mhaoiniú caipitil le réimse éagsúil tionscadal ar fud na hearnála ardoideachais ar nós tionscadail nua tógála, athchóirithe agus dícharbónaithe a bhfuil gach ceann díobh maoinithe faoi chláir agus tionscnaimh éagsúla an Aonaid um Chláir Chaipitil (CPU).
- D'aontaigh an ÚAO urraíocht a dhéanamh thar thréimhse trí bliana Gníomhaí Gaeilge, tionscnamh de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus Chonradh na Gaeilge. Is é príomhchuspóir Gníomhaí Gaeilge tógáil ar fhorbairt, neartú agus cur le líon na gcumann Gaeilge agus na nOifigeach Gaeilge sna blianta amach romhainn.

Táimid ag tnúth le dul i dteagmháil leat féin agus leis an Aire Niall Collins TD maidir le roinnt príomhthionscnamh a sheachadadh lena n-áirítear:

- Forálacha na reachtaíochta ÚAO nua a chur i bhfeidhm.
- Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chothromas Rochtana, Rannpháirtíochta agus Rathúlachta a sheachadadh.
- Cur i bhfeidhm na Straitéise nua Taighde agus Nuálaíochta – Tionchar 2030.
- Na conairí idir na hearnálacha Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais a chur chun cinn.
- An Straitéis Náisiúnta nua um Thaighde agus Nuálaíocht a sheachadadh. I bhfianaise ról níos leithne an chórais ardoideachais ag an ÚAO, caidreamh atá ann cheana leis na Institiúidí Ardoideachais agus cumhachtaí rialachais níos láidre faoi Acht nua an Údarás um Ard-Oideachas, 2022, táim ag súil go mbeidh ról lárnach ag an ÚAO maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar na colúin a bhaineann le Tionchar Struchtúir Taighde agus Nuálaíochta ar Bharr Feabhais agus Torthaí agus Tallainne i gCroílár an Chórais Taighde agus Nuálaíochta.
- Dul i dteagmháil leat féin agus leis an Roinn maidir le do Thionscnamh Maoinithe don Todhchaí a fógraíodh i mí na Bealtaine 2022.

D'imigh roinnt daoine ón mBord le linn 2022 agus ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leo seo a leanas:

- Claire Austick Uasal
- An Dr Bahram Bekhradnia
- An Dr Deirdre Lillis
- An Dr Ronan Lyons
- An Dr Jim Mountjoy

Ar aon dul le Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, is mian liom tuairisciú leat ar chomhlíonadh an chóid ag an Údarás agus go saineúil ar na cúrsaí seo a leanas:

- Ní raibh aon imeacht ar cuid suntais tráchtála é le linn na tréimhse tuairiscithe.
- Ní raibh aon idirbheart airgeadais nach raibh ar an gclár comhardaithe.
- Deimhním go ndearnadh gach gnáthamh cuí tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairt sócmhainní.
- Thar ceann an Údarás Ard-Oideachais, admhaím an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach. Tá ráiteas ar an gcóras Rialuithe Inmheánacha cuimsithe lenár ráitis airgeadais iniúchta do 2022 agus tá teastas an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniata.
- Ghlac an ÚAO le cód athbhreithnithe iompair gnó do Chomhaltaí an ÚAO agus dá fhostaithe.
- Rinne an Bord beart meastóireachta Bord seachtrach in 2022.
- Comhlíonann an ÚAO treoirlínte luach saothair rialtais maidir leis an PF agus a bhfostaithe.
- Tá táillí comhaltaí ar aon dul le rátaí atá ceadaithe ag an Roinn agus is amhlaidh freisin maidir le tuarastail agus liúntais a íoctar le comhaltaí foirne. Feidhmíonn an ÚAO ciorclán Duine Amháin, Tuarastal Amháin a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


- Níl aon imeacht iarchláir chomhardaithe le tuairisciú ag an ÚAO.
- Comhlíonann an ÚAO riachtanais Chód Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá gnáthaimh i bhfeidhm ag an ÚAO chun nochtaí cosanta a dhéanamh de réir S. 21 (1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Foilsíodh tuarascáil bhliantúil faoi mar a fhoráiltear faoi S. 22 (1) den Acht.
- Comhlíonann an ÚAO gach gné de bheartas taistil an Rialtais.
- Comhlíonann an ÚAO a oibleagáidí faoin dlí cánach.
- Níl an ÚAO faoi láthair i mbun aon aighnis le comhlachtaí stáit eile.
- Tá an ÚAO ag déanamh gach beart riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann sé Cód Cleachtais 2016.
- Níl aon fhochoimplacht ag feidhmiú faoina théarmaí tagartha ag an ÚAO.
- Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí seachtar (64%) comhalta foirne ban agus ceathrar (36%) comhalta foirne fireann ag an mBord. Ní chomhlíonann an comhdhéanamh ballraíochta seo sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ach bhí folúntas amháin gan líonadh ar an mBord an 31 Nollaig 2022 áfach. Ceapann an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta bail. Tá Bord an ÚAO tiomanta d'éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus faigheann sé nuashonruithe rialta ó Ionad Barr Feabhais an ÚAO um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

D'fhaomh an Bord an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

Bheadh an ÚAO sásta aon soiléiriú breise a theastaíonn uait maidir le haon cheann de na nithe thuasluaite a chur ar fáil. Gabhaimid buíochas le lucht ceannaireachta agus foireann na bhforas ardoideachais go léir, le Feidhmeannacht an ÚAO, agus le foireann do Roinne féin, as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach i leith na straitéisí náisiúnta.

In éineacht leis an Údarás agus an bhfeidhmeannas, tá mé ag tnúth le bheith ag obair leat féin agus le do Roinn maidir le straitéis nua na Roinne a chur i bhfeidhm agus straitéis taighde náisiúnta nua a fhorbairt.

Is mise, le meas,



Michael Horgan

Cathaoirleach

Príomhshonraí Ardoideachais 2021/2022



ROLLUITHE

246,299 rollú san iomlán in 2021/22, méadú 0.3% ó 2020/21. Táinig laghdú 1.1% ar iontrálaithe nua (céadbhlianta lánaimseartha fochéime) go 45,677.



ROLLAITHE IDIRNÁISIÚNTA

Tháinig méadú 19.9% ar líon iomlán na rollaithe idirnáisiúnta in 2021/22 go 30,437. B'ionann rolluithe neamh-AE agus 22,027 (72.4%) de na rolluithe idirnáisiúnta in 2021/22.



CINEÁL CLÁR

B'ionann rolluithe céime onóracha agus 151,816 (61.6%) de na rolluithe iomlána in 2021/22. Ba iad máistrí múinte an dara grúpa ba mhó a raibh 11.3% mar chúis leo.



RÉIMSE STAIDÉIR

Bhí an réimse is mó, Gnó, Riarachán agus Dlí, freagrach as beagnach 50,820 (20.6%) de na rollaithe go léir, agus Sláinte agus Leas ina dhiaidh sin (17.5%) agus na hEalaíona agus na Daonnachtaí (13.9%).



TREOCHTAÍ INSCNE

Tá an bhearna rannpháirtíochta inscne leathnaithe arís le 134,227 rollú ban in 2021/22 (suas 1.2% ar 2020/21) i gcomparáid le 111,171 rollú fear (síos 1.3% ar 2020/21).



LÍON CÉIMITHE

Tháinig méadú 8.8% ar líon na gcéimithe in 2021 go 88,638. Bhí na méaduithe is mó in Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (36.5%), RCSI (28.1%) agus IADT (25.1%).



CÉIMITHE ONÓRACHA

Tháinig ardú 3.5% ar líon na gcéimithe i gcéim bhaitsiléara onóracha in 2021 go 36,567. Tháinig méadú 19.1% ar an líon a bhain amach céadonóracha i gcomparáid le 2020.



RÉIMSÍ STAIDÉIR DO CHÉIMITHE

B'ionann cúrsaí Gnó, Riaracháin agus Dlí agus 25.5% de na céimithe go léir in 2021 (22,625). B'ionann cúrsaí Sláinte agus Leasa agus 17.3% de na céimithe go léir (15,302).

FEIDHMÍOCHT ÚAO

Tá áthas ar an ÚAO dul chun cinn a thuirisciú maidir le gníomhaíochtaí faoi seacht dtéama an phlean straitéisigh ÚAO.

a Rialachas Institiúideach, Ceannaireacht agus Barr Feabhais Oibríochta

Cuireadh tús le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 (an tAcht) i mí na Samhna 2022. I measc fhorálacha an Achta nua tá, faoi Alt 9, ceann d'fheidhmeanna an ÚAO tacú le rialachas éifeachtach institiúidí ainmnithe ardoideachais trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chreataí rialachais cuí agus cuntasacht agus comhlíonadh na gcreataí maoirseachta rialachais sin a éileamh. Foráiltear leis an Acht freisin, agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, gurb é ceann de chuspóirí an ÚAO aitheantas a thabhairt don fhreagracht atá ar institiúidí ainmnithe ardoideachais as feidhmíocht agus rialachas na n-institiúidí sin. Le tosach feidhme an Achta agus an sainordú soiléir a cuireadh in iúl le hAlt 9, rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt Creat Maoirseachta Rialachais an ÚAO atá le foilsiú in 2023. In 2022, tionóladh dhá chruinniú d'Fhóram Rialachais an ÚAO-THEA-IUA agus tionóladh cruinnithe le cathaoirligh agus Uachtaráin faoi seach na nOllscoileanna Teicniúla (OTanna) a bunaíodh le déanaí in 2022. Le tacaíocht ón ÚAO, chuir Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA), i gcomhar le Réamh-ardoideachas, seachadadh Clár Tacaíochta Rialachais i gcrích. Áiríodh ar an gclár tionscnaimh forbartha ceannaireachta institiúideacha, forbairt agus foilsiú Cóid Rialachais d'Fhochuideachtaí Ollscoile agus tionscnamh Cumais Sonraí a Thógáil. Chuir an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA) obair ar Chlár Tacaíochta Rialachais chun cinn freisin.

Ghlac an ÚAO agus KTI páirt i bpróiseas leantach ar Athbhreithniú KTI-HEA 2021 ar chur i bhfeidhm bheartais maoinne intleachtúla (IP) in Institiúidí Ardoideachais. Thuairiscigh an próiseas seo go bhfuil beartas aonair curtha i bhfeidhm ag gach Institiúid Ardoideachais le haghaidh tráchtálú maoinne intleachtúla nó go raibh siad sna céimeanna deireanacha de bheartas aonair a thabhairt chun críche le haghaidh tráchtálú maoinne intleachtúla lena n-ionchorpraítear an t-ualach Riachtanas Íosta atá sa Bheartas Náisiúnta Maoine Intleachtúla. Leanann KTI ag tacú le hInstitiúidí Ardoideachais i bhforbairt an bhonneagair chun maoin intleachtúil a thráchtálú ó thionscadail taighde a mhaoinítear go poiblí tríd an gclár KT Boost a fhaigheann maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann. Lorgaíonn na Ráitis Rialachais Bhliantúla deimhniú go gcomhlíontar riachtanais an Bheartais um Maoin Intleachtúil.

Rinneadh na Nósanna Imeachta ÚAO chun Nochtadh Cosanta a Dhéanamh don POF mar Dhuine Forordaithe a nuashonrú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, agus treoir ghaolmhar na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), sula gcuirfí tús leis an reachtaíocht an 1 Eanáir 2023. Le linn 2022, bhainistigh an tAonad Rialachais Córais an próiseas measúnaithe agus, de réir mar is gá, tuilleadh imscrúdaithe agus obair leantach maidir le nochtadh agus líomhaintí cosanta don ÚAO i ndáil le cúrsaí rialachais in Institiúidí Ardoideachais.

D'fhostaigh an ÚAO Mazars Ireland don dara bliain as a chéile chun tabhairt faoin athbhreithniú ar Ráitis Rialachais Bhliantúla 2020/21. Mar chuid den fheabhsú atriallach ar phróiseas AGS, rinneadh teimpléad AGS agus na ceanglais tuairiscithe ghaolmhara do thimthriall 2021/22 a chuíchóiriú, le maoirseacht an chomhlachta/údaráis rialaithe ar na réimsí rialachais ábhartha ag éirí níos lárnaí sa phróiseas.

b Maoiniú, Inbhuanaitheacht agus Feidhmíocht

Tá maoiniú athfhillteach institiúidí le haghaidh gníomhaíochtaí lárnacha fós bunriachtanach d'obair an ÚAO i rith na bliana.

Chomh maith leis an maoiniú athfhillteach, phróiseáil Maoiniú Córais an méid seo a leanas freisin:

- Cuireadh an Maoiniú deiridh um Fhilleadh Sábháilte COVID-19 ar fáil d'institiúidí chun tacú le filleadh sábháilte ar sholáthar ar an láthair chun na dúshlán eisceachtúla agus gan fasach a bhain le COVID-19 a mhaoiniú.
- Maoiniú a bhain le háiteanna breise CAO a sholáthar chun díriú ar réimsí riachtanas scileanna mar a shaináithnítear tríd an ailtireacht scileanna náisiúnta. Aithníodh áiteanna breise agus cuireadh ar fáil iad lena dtairiscint do mhic léinn ionchasacha i réimsí na hAiltireachta agus na Tógála, na hInnealtóireachta, na Sláinte, TFC, an Altranais, an Iarbhunoideachais, na nEolaíochtaí agus an Chúraim Shóisialaigh.
- An deontas aonuaire €1,000 i leith ranníocaíocht na mac léinn a d'íoc gach mac léinn incháilithe Táillí Saor in Aisce sa bhliain acadúil 2022/23 mar bheart costais maireachtála.
- Íocaíochtaí don Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas agus don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn.

Críochnaíodh na cruinnithe buiséid agus cuntasachta bliantúla idir an ÚAO agus na hInstitiúidí Ardoideachais le linn mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin 2022. Is rannpháirtíocht thábhachtach iad na cruinnithe seo i bhfaireachán agus maoirseacht an ÚAO ar chobhsaíocht airgeadais na n-institiúidí, chomh maith le cuntasacht a chinntiú ar fud na hearnála.

In 2022, d'eisíoc an tAonad um Chláir Chaipitil (CPU) thart ar €120m de mhaoiniú caipitil le réimse éagsúil tionscadal ar fud na hearnála ardoideachais ar nós tionscadail nua tógála, athchóirithe agus dícharbónaithe a bhfuil gach ceann díobh maoinithe faoi chláir agus tionscnaimh éagsúla an CPU. Leanann an CPU ar aghaidh ag forbairt Ionad Barr Feabhais chun tacú le seachadadh tionscadal mór caipitil san earnáil ardoideachais.

Shroich Clár PPP Ardoideachais cloch mhíle lárnach in 2022 agus dúnadh an chéad bheart de shé tionscadal i mí na Nollag 2022. Seachadfaidh an Clár seo 11 fhoirgneamh ardoideachais nua san iomlán agus éascóidh sé thart ar 8,000 clárúchán breise mac léinn. Tá an chéad bheart tionscadal, atá á seachadadh faoi Thionscadal Éireann 2040, lonnaithe i gcampaí OT Bhaile Átha Cliath, Tamhlacht agus Baile Bhainséir; i gcampaí Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Ciarraí agus Chorcaí; in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta, Dún Laoghaire; agus in Ollscoil Teicneolaíochta champas na Sionainne i mBaile Átha Luain. D'eisigh an dara beart de chúig tionscadal a chuireadh chun páirt a ghlacadh in idirphlé le fothairgeoirí leasmhara i mí Lúnasa 2021. Tá an dara beart tionscadal, atá á seachadadh faoi Thionscadal Éireann 2040, lonnaithe i gcampaí Ollscoil Teicneolaíochta Phort Láirge agus Cheatharlach an Oirdheiscirt; i gcampaí Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dún na nGall agus na Gaillimhe; agus in Ollscoil Teicneolaíochta champas na Sionainne i Luimneach.

I mí na Bealtaine 2022 tugadh faomhadh i bprionsabal d'ocht dtionscadal faoin gClár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú (EEDPP). Is é aidhm an mhaoinithe seo foghlaim a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú a chomhdhlúthú, agus cabhrú le príomhpháirtithe leasmhara leanúint ar aghaidh ag tógáil eolais, scála, conairí tástála agus ag obair i dtreo na spriocanna uailmhianacha dícharbónaithe a bhaint amach.

Sheol an CPU an dara atriall den Chiste Bonneagar Straitéiseach Ardoideachais (HESIF) i mí Feabhra 2022. Is é cuspóir an Chiste bonneagar ardoideachais d'ardchaighdeán a sholáthar laistigh d'Institiúidí Ardoideachais, agus beidh tionchar mór straitéiseach aige sin ar riachtanais scileanna na hÉireann amach anseo.

Sheol an CPU Ciste Tionscadal Straitéiseach na hEarnála Teicneolaíochta (TSSPF) i mí Feabhra 2022 freisin. Is é aidhm an chiste seo feabhsuithe bonneagair a sheachadadh agus acmhainn a leathnú, nuair is gá, san earnáil teicneolaíochta. Tá sé mar aidhm aige freisin aghaidh a thabhairt ar riachtanais shoiléire dhéimeagrafacha agus/nó plódú atá ann cheana a laghdú agus ag an am céanna tacú le dul chun cinn ar spriocanna aeráide.

Cuireadh leithdháileadh Deontais Chaipitil Dhéabhlóidithe €40m ar fáil don earnáil Ardoideachais in 2022. Tacaíonn an deontas le hInstitiúidí Ardoideachais chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais bhonneagair is práinní atá acu, lena n-áirítear mionobreacha agus riachtanais trealamh, oibreacha sláinte agus sábháilteachta, agus uasghrádú foirgneamh eile, infheistíochtaí chun tacú le rochtain uilíoch, éifeachtúlacht fuinnimh agus uasghrádú a bhaineann le dícharbónú agus uasghrádú ginearálta TFC agus a bhaineann le trealamh.

In 2022, d'fhaomh an Rialtas beartas nua chun cruthú níos mó cóiríochta do mhic léinn in institiúidí ardoideachais poiblí a éascú. Is é an beartas seo an chéad uair a chuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun lóistín do mhic léinn a thógáil. Tá an CPU ag obair leis an Aonad Cóiríochta do Mhic Léinn sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) chun roinnt tionscnamh gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur chun cinn chun soláthar cóiríochta a ghníomhachtú.

C Straitéis, Feidhmíocht, Athchóiriú an Chórais, Idirnáisiúnta, Teagasc agus Foghlaim, Folláine na Mac Léinn agus Taighde

Le linn 2022, chríochnaigh an ÚAO monatóireacht ar chur i bhfeidhm Chreat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais 2018-2020 tríd an bpróiseas bliantúil um Idirbheartaíocht Straitéise agus Feidhmíochta le IAONna. Chuir IAONna cás-staidéir isteach chun tionchar na dtionscnamh eiseamláireach lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí straitéiseacha náisiúnta a leagtar amach sa chreat agus tosaíochtaí beartais náisiúnta atá ag teacht chun cinn a thaispeáint. Tugadh sé dhámhachtain Maoinithe Feidhmíochta arbh fhiú €5m san iomlán iad do na IAONna a shonraítear i dTábla 1 ¹thíos. Tá na dhámhachtainí á n-úsáid chun tionscnaimh a leathnú agus a chur chun cinn i réimsí amhail inbhuanaitheacht, cuimsiú, rochtain agus rannpháirtíocht, toiliú agus foréigean baile agus inscnebhunaithe.

Tábla 1: Bronnadh Maoiniú Feidhmíochta ar IAONna in 2022 tar éis meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar chás-staidéir

HEI	Cás-Staidéir Measúnacht Tionchair Teideal	Dámhachtain Maoinithe Feidhmíochta
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT)	Getting to Zero: How “Moving Parts” a Research & Creative collaboration moved the dial towards zero-tolerance of gender-based hostility and sexual violence.	€833,333
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT)	Tírdhreach athraitheach na Drochúsáide Baile – Tionchar tionscnaimh oideachais ilghníomhaireachta	€833,333
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU)	Using the power of transformative education through inclusive education, leadership and enterprise to end the cycle of addiction	€833,333
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Aliath (UCD)	Supporting Ireland’s transition to a secure, net zero energy future	€833,333
Ollscoil na Gaillimhe (UG)	Sustainable pathways to Higher Education: Delivering on educational opportunities for under-represented groups at NUI Galway	€833,333
Ollscoil Luimnigh (UL)	Implementing Generation Apprenticeship at Levels 9 and 10 on the NFQ	€833,333

1 Tabharfar chun críche é ag céim an phromhaidh

Reáchtáladh an babhta deiridh de chruinnithe déthaobhacha de thimthriall athbhreithnithe feidhmíochta 2018-2021 go fíorúil le IAONna i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair chun dul chun cinn i dtreo na spriocanna atá leagtha amach i gcomhshocruithe institiúideacha agus atá mionsonraithe ag Institiúidí Ardoideachais i dtuarascálacha féinmheastóireachta a phlé. Thug na pléití, faoi stiúir sainchomhairleoirí, aghaidh ar fheidhmíocht agus straitéis institiúideach, ag cuimsiú dul chun cinn carnach thar thréimhse ama trí bliana na gcomhshocruithe institiúideacha agus shaolré an Chreata Feidhmíochta Córais 2018-2020. Roinneadh aiseolas ar thuarascálacha féinmheastóireachta agus ar chás-staidéir measúnaithe tionchair le IAONna ag deireadh an phróisis. Foilsíodh Tuarascálacha Féinmheastóireachta na IAONna do 2022 ar láithreán gréasáin an ÚAO agus tá siad ar fáil le feiceáil faoi na Próifílí Institiúideacha aonair.

Cuireadh tús freisin le hobair ar Chreat Feidhmíochta Córais nua in 2022. Ag tógáil ar bhunsraitheanna na Straitéise Náisiúnta um Ard-Oideachas, forálann Acht an Údarais um Ard-Oideachas, 2022 do chreat feidhmíochta córais agus do chomhaontuithe feidhmíochta gaolmhara le hinstitiúidí ainmnithe ardoideachais. Próiseas ilchéime, atriallach a bhí i bhforbairt an dréachtchreata i gcaitheamh na bliana. I gCéim 1 agus 2 den phróiseas dréachtaithe rinneadh ionchur a thiomsú ó Fheidhmeannas an ÚAO, agus ó Bhord agus Coistí an ÚAO, lena n-áirítear Forbairt Córais agus Bainistíocht Feidhmíochta, Beartas agus Pleanáil Straitéiseach, Taighde agus Oideachas Iarchéime, agus Teagasc agus Foghlaim. Bailíodh léargais luachmhara freisin tríd an timthriall deiridh tuairiscithe faoin bpróiseas reatha Idirbheartaíochta Straitéise agus Feidhmíochta, áit ar cuireadh breac-chuntas ar an dréachtchreat i láthair.

I mí na Samhna 2022, d’oscail an ÚAO próiseas comhairliúcháin i scríbhinn ag tabhairt cuireadh do IAONna agus do pháirtithe leasmhara freagraí a chur isteach ar dhréachtpháipéar comhairliúcháin ar chreat feidhmíochta an chórais (a chomhaontaigh an Bord i mí Dheireadh Fómhair) chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an leagain dheiridh den chreat agus den phróiseas comhaontaithe feidhmíochta. Dúnadh an comhairliúchán an 16 Nollaig 2022, agus fuarthas 17 n-aigneacht ó Institiúidí Ardoideachais agus ó pháirtithe leasmhara eile. Beidh na freagraí mar bhonn eolais ag forbairt creata athbhreithnithe, a fhoilseofar in 2023. Rithfidh an Creat Feidhmíochta Córais nua ceithre bliana (2023-2028) agus leagtar amach ann paraiméadair faoina féidir le hinstitiúidí a rannchuidiú le straitéisí institiúideacha agus náisiúnta a bhaint amach, de réir mar is iomchuí do scála, misean agus suíomh gach institiúide.

Tá Ciste Claochlaithe na nOllscoileanna Teicneolaíochta (TUTF) ag tacú le dul chun cinn chlár oibre na n-ollscoileanna teicneolaíochta i gcónaí, infheistíocht €90m thar thrí bliana a fógraíodh i mBuiséad 2020. Ar fud 2022, rinne an ÚAO monatóireacht ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm tionscadal claochlaithe a dtacaíonn an TUTF leo. Chuir faighteoirí an TUTF tuarascálacha débhlantúla isteach, lena n-áirítear tuarascáil airgeadais, tuarascáil ar phacáiste oibre, agus tuarascáil inste. Reáchtáladh cruinnithe dul chun cinn le hinstitiúidí freisin. Chuir dul chun cinn na n-institiúidí lena dtionscadail TUTF bonn eolais faoi leithdháileadh mhaoiniú Bhliain 3 (€30m). Ciallaíonn leithdháileadh mhaoiniú Bhliain 3 go bhfuil an ciste €90m infheistithe san earnáil anois. Leanfaidh IAONna orthu ag tuairisciú ar a ndul chun cinn go 2023.

Mar fhreagra ar an athbhreithniú neamhspleách ar Mhaoiniú Tírdhreacha in 2021, thug an ÚAO cuireadh do IAONna a bhfuil cothromaíocht acu leant tionscadail agus buiséad a chur i láthair atá ailínithe leis na cistí atá fágtha acu. Leanann an ÚAO ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn na dtionscadal seo agus táthar ag súil le tuarascálacha deiridh faoi dheireadh 2023.

I mí Feabhra 2022 d’eisigh an ÚAO glao ar thograí faoin bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. D’fhorbair an Rialtas an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta ionas go bhféadfadh Éire rochtain a fháil ar mhaoiniú faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE. Is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an chomhpháirt is mó de NextGenerationEU, freagra an Aontais ar an bpaindéim dhomhanda. Mar fhreagra ar an nglao, tugadh dhámhachtain aonair (€40m) do chuibhreas de chuid na nOllscoileanna Teicneolaíochta agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta don tionscadal Trasfhoirmiú na hOllscoile Teicneolaíochta Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht (NTUTORR). Cuimsíonn an cuibhreas Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh; Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan; Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire; Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan; Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt; Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre Iarthar Láir; agus an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta.

Is é cuspóir thionscadal NTUTORR tacú le hathchóirithe teagaisc agus foghlama a eascraíonn as taithí an oideachais atá cumasaithe go digiteach le linn phaindeim COVID-19. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal foghlaim, teagasc agus measúnú a athrú ó bhonn trí dhírú ar eispéireas na mac léinn. Bronnadh leithdháileadh tosaigh ar an gcuibhreas i mí an Mheithimh 2022 (€18.81 m), agus eisíofar na cistí eile in 2023.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir an ÚAO tús le tionscnamh chun deiseanna a aithint chun acmhainn a thógáil i gclár **Fiaclóireachta, Cógaisíochta, Leighis, Altranais agus Tréidliachta**. Dearadh an próiseas chun freagairt go tapa do riachtanais scileanna náisiúnta trí roghanna a shainaithe maidir le cruthú nó leathnú clár sna blianta acadúla 2024-25 nó 2025-26. Ghin glao Léiriú Spéise (EOI) a eisíodh an 21 Deireadh Fómhair 2022 39 freagra ó 15 institiúid. Rinne an ÚAO athbhreithniú ar EOI a bhaineann le soláthar nua an chlár agus d'eisigh sé cuir chuig an dara céim den phróiseas iarratais an 28 Samhain 2022. Ceanglaítear le céim a dó ar institiúidí a n-eolas agus a dtuiscint ar an disciplín ábhartha a mhionsonrú agus cumas agus acmhainneacht a léiriú maidir le tionscnamh rathúil laistigh den achar ama a shonraítear. Tá iarratais chéim a dó le déanamh an 16 Eanáir 2023. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar EOI a bhaineann le leathnú clár mar chuid de phróiseas buiséid bliantúil an ÚAO.

Tá sé mar aidhm ag **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** (CFRE) comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach san AE a neartú trí mhíchothromaíochtaí idir a réigiúin a cheartú. Roinntear freagracht as an gciste idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit. Tá an ÚAO ag obair le Tionól Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre agus le Tionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NW) chun forbairt Fiontar Tacaíochta Taighde agus Nuálaíochta OT (TU RISE) a chur chun cinn, ar fiú €83.68 m é. Is é cuspóir na scéime oifigí taighde agus nuálaíochta a bhunú, a neartú agus a chórasú in Ollscoileanna Teicneolaíochta chun rannpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla agus réigiúnacha agus le páirtithe leasmhara pobail a chumasú. Táthar ag súil go gcuirfeadh dlús leis na buntáistí a bhaineann le hoifigí taighde agus nuálaíochta agus go ndéanfar iad a chásáil ar fud disciplíní agus campais institiúidí trí fhorbairt foirne, lena n-áirítear caipiteal daonna taighdeora méadaithe ag leibhéal na dáimhe/na scoile. Tá an ÚAO ag bualadh le hionadaithe ó na tionóil réigiúnacha i Ráithe 3/Ráithe 4 de 2022 chun plean forfheidhmithe a fhorbairt don scéim. Táthar ag súil go dtabharfar an plean cur chun feidhme chun críche i Ráithe 2 2023, le glao maoinithe níos déanaí sa bhliain.

In 2022, mhaoinigh an ÚAO € 3.1m chun ról na gcomhpháirtithe Éireannacha i **gComhghuaillíocht na nOllscoileanna Eorpacha** a neartú. Tá sé mar aidhm ag na comhghuaillíochtaí seo campas idir-ollscoile Eorpach a chruthú ina mbaineann mic léinn, comhaltaí foirne agus taighdeoirí taitneamh as soghluaisteacht réidh (fisiciúil, fíorúil nó cumaisc) chun staidéar, oiliúint, teagasc, taighde, obair nó seirbhís a roinnt ag institiúidí comhpháirtíochta comhoibritheacha. Tá rannpháirtíocht na hÉireann in Ollscoileanna na hEorpa ard agus tá méadú ag teacht ar líon na n-institiúidí atá rannpháirteach i gcomhghuaillíochtaí.

Mar fhreagra ar ionradh na Rúise ar an tÚcráin, bhain an Coimisiún Eorpach leas as Clár Erasmus+ chun tacaíocht bhreise a sholáthar do mhic léinn ón Úcráin. Tá an maoiniú seo leithdháilte ag an tÚAO mar Ghníomhaireacht Náisiúnta do Erasmus+ ar Oifigí Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ardoideachais ar sealbhóirí Cairte Ardoideachais Erasmus iad. D'oibrigh an tÚAO go dlúth leis na nInstitiúidí Ardoideachais seo, chun dáileadh éifeachtach agus cothrom an mhaoinithe seo a chinntiú. Soláthraíonn an sásra maoinithe a tugadh isteach stipinn míosúil de €1,150 iníochta le mic léinn cháilitheacha ón tÚcráin faoi Erasmus+.

Faoi Erasmus+ do 2023, tá trí leithdháileadh maoinithe ar leith maoinithe ag an tÚAO faoi Phríomhghníomhaíochtaí 131, 171 agus 220 Erasmus+. Déanfaidh Príomhghníomhaíocht Erasmus+ 131 do Shoghluaisteacht Ardoideachais idir Tíortha an Chláir spraoi do 5700 mac léinn agus baill foirne ó 2023-2025. Faoi Phríomhghníomh 171 Erasmus+, Soghluaisteacht Ardoideachais idir Tíortha an Chláir agus Tíortha Comhpháirtíochta, tá maoiniú curtha ar fáil ag an tÚAO do shoghluaisteachtaí mac léinn agus foirne ar fud deich bpríomhréigiún ar fud an domhain ó na Balcáin Thiar go dtí an Cairibeach. Leithdháilfidh an tÚAO maoiniú níos déanaí sa bhliain do Phríomhghníomh 220 Erasmus+, Comhpháirtíochtaí Comhoibrithe san Ardoideachas.

I mí Eanáir 2022, tháinig **an Fóram Náisiúnta um Fheabhsúchán an Teagaisc agus na Foghlama** faoi choimirce an ÚAO ar bhonn inbhuanaithe. Bunaíodh Coiste nua Rannpháirtíochta agus Teagaisc agus Foghlama do Mhic Léinn chun comhairle a chur ar Bhord an ÚAO maidir le forbairt agus tionchar feabhsúcháin teagaisc agus foghlama in ardoideachas na

hÉireann. Tógfaidh an Fóram Náisiúnta ar obair roimhe seo agus cuirfidh sé comhairle ar an ÚAO agus ar an earnáil ardoideachais maidir le teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Leanann an Fóram Náisiúnta ag tacú le hathrú aonair, institiúideach agus earnála trí chomhairle beartais agus ionstraimí tacaíochta maoinithe. Beidh obair an Fhórait Náisiúnta dírithe ar mhic léinn, bunaithe ar fhianaise, cuimsitheach, freagrúil agus comhairleach, chomh maith le dírithe go hidirnáisiúnta agus ábhartha do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne, beag beann ar chineál na hinstitiúide.

Lean an tAonad TF ar aghaidh ag athbhreithniú shócmhainní digiteacha an ÚAO ag baint úsáide as moltaí ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus ón gCreat NIST. Lean an tslándáil dhigiteach de bheith ina cuid rithábhachtach d'obair an Aonaid agus glacadh roinnt beart lena n-áirítear tionscnaimh faisnéise faoi bhagairtí digiteacha éagsúla agus oiliúint rialta foirne intí a chur chun feidhme.

Claochlú Digiteach

Tá an tAonad TF ag obair faoi cheannaireacht an Leas-POF agus faoi thacaíocht na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus mar chuid den Ghrúpa um Chlaochlú Digiteach. Táimid ag obair ar chlár oibre a sheachadadh chun bainistíocht agus maoirseacht tionscadail a sheachadadh ar na tionscadail éagsúla tras-rannacha agus TFC chun cuspóirí straitéiseacha digiteacha an ÚAO a sheachadadh.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Reachtaíocht an Achta um ÚAO 2022

Shínigh an tUachtarán an tAcht nua ina dhlí an 12 Deireadh Fómhair 2022 agus shínigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna ordú tosaithe don Acht an 10 Samhain 2022.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tháinig an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac áit Chód 2009, in éifeacht i Meán Fómhair 2016. Tá glactha leis ag an Údarás um Ard-Oideachas agus tá próisis i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann an uile oibríocht de chuid an ÚAO ceanglais an Chóid. Choimisiúnaigh an Bord meastóireacht sheachtrach neamhspleách in 2022, agus eisíodh an tuarascáil seo in 2023.

Comhaontú Soláthar Feidhmíochta

Chomhaontaigh an ÚAO Comhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíochta agus Scileanna do 2022; tá cóip ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚAO <https://hea.ie/about-us/overview/>.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 – 2015

Tosaíocht fhadbhunaithe é an Comhionannas don Údarás um Ard-Oideachas. Tugann an eagraíocht a luach don éagsúlacht agus féachann le bheith ina fhostóir comhionannais mar a spreagtar ionchur ó gach duine agus a dtugtar a luach do dhifriochtaí. Chuige sin, tá an ÚAO tiomanta dá chinntiú nach gcaitear ach go cothrom le gach comhalta foirne nó iarrthóir fostaíochta ar chúiseanna inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, reiligiúin, aoise, míchumais, a bheith de phobal mionlaigh eitnigh nó ar chúiseanna eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcú, dálaí oibre agus le deiseanna forbartha.

Bhunaigh an ÚAO grúpa oibre inmheánach ag deireadh 2020 chun cur i bhfeidhm an ÚAO maidir lena Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí a phleanáil agus a mhaoirsiú. Lean an grúpa ar aghaidh ag teacht le chéile le linn 2022.

Tar éis achtú an Achta um ÚAO, ceanglaítear ar an ÚAO anois tuairisceáin a dhéanamh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas. Roimhe seo thug an ÚAO tuairisceáin don Roinn go deonach. Fuarthas amach i ndaonáireamh an ÚAO ar chomhaltaí foirne a bhí fostaithe amhail an 31 Nollaig 2022 go raibh 15.7% den fhoireann faoi mhíchumas.

An tAcht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005

Leanann an ÚAO de bhearta cuí a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht agus leas gach fostaí agus cuairteora ina chuid oifigí a chosaint le go gcomhlíontar forálacha an Achta. Baineann sé seo chomh maith leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an ÚAO le chéile go rialta i rith 2022 tar éis oifigí an ÚAO a athoscailt i mí Feabhra 2022.

Feidhmíonn an ÚAO Clár Cúnaimh d’Fhostaithe.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Ar aon dul leis na hAchtanna thuas, tá glactha ag an Údarás um Ard-Oideachas le gnáthaimh atá de réir treoirlínte a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart i rith na bliana a chuaigh chun sochair do Chomhaltaí Boird.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ar aon dul le ceanglas dleathach an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, tá gnáthaimh i bhfeidhm agus á gcoinneáil ag an ÚAO i leith nochtaí cosanta a dhéanamh. Cuireadh tús le hobair go déanach in 2022 chun na treoirlínte seo a nuashonrú tar éis achtú an Achta um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022. Ní dhearna aon chomhalta foirne nochtadh cosanta.

Is féidir nochtaí cosanta a dhéanamh le Príomhfheidhmeannach an ÚAO maidir le gnóthaí a bhaineann le pleanáil agus forbairt an ardoideachais agus taighde sa Stát agus gnóthaí a bhaineann le maoiniú institiúidí ardoideachais ag an ÚAO. Sa bhliain suas go dtí an 31 Nollaig 2022, fuair an ÚAO tuairisc amháin gur mheas sé gur nochtadh cosanta é, agus atreoraíodh é seo lena imscrúdú. Bhí nochtadh amháin eile a rinneadh leis an ÚAO roimh 2022 faoi réir imscrúdaithe sa tréimhse freisin. De réir Alt. 22 d’Acht 2014 d’fhoilsigh an ÚAO tuarascáil bhliantúil ar Nochtadh Cosanta do 2022. Tá cóip ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚAO <https://hea.ie/resources/publications/>.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá an ÚAO tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, mar a leasaíodh i Rialacháin na bPobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon an ÚAO na forálacha seo ar an uile dhóigh ábharach. €1,174.61 san iomlán a íocadh i leith pionóis úis íocaíochtaí déanacha in 2022..

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Ta an ÚAO tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil ÚAO agus croícháipéisí beartais go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar láithreán gréasáin an ÚAO.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Baineann forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise leis an ÚAO. Leis an Acht seo, foráiltear ceart dlíthiúil do dhaoine aonair faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a rochtain, an fhaisnéis atá ina seilbh a bhaineann leis/léi a leasú má tá sí neamhiomlán, mícheart nó dá gcuirfeadh sé duine ar mithreoir agus fáthanna a fháil ar chinntí a théann i bhfeidhm air/uirthi féin. Le linn 2022, fuair an ÚAO 43 iarratas faoin Acht. Tugadh aghaidh orthu mar seo a leanas:

■ Iarratais a Deonaíodh:	7
■ Iarratais a Deonaíodh i bPáirt:	9
■ Iarratais a Diúltaíodh:	15
■ Iarratais ar déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise:	9
■ Iarratais aistarraingthe:	1
■ Iarratais aistrithe:	0
■ Iarratais ríofa (go 2023):	2

Rinneadh dhá iarratas ar athbhreithniú inmheánach. Bhí 2 atreorú chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Tá an ÚAO tiomanta do chearta agus do phríobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Déanann an ÚAO athbhreithniú leanúnach ar a chleachtas lena chinntiú go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí ag teacht le prionsabail na cosanta sonraí agus go gcosnaímid sonraí pearsanta i ngach rud a dhéanaimid. Áirítear leis seo clár cuimsitheach oiliúna agus feasachta don fhoireann. Le tabhairt isteach an Achta um ÚAO 2022, rinne an ÚAO athbhreithniú ar a chomhaontuithe roinnte sonraí agus ar a fhaisnéis trédhearcachta chun a chinntiú go raibh an bunús dlí nua soiléir agus trédhearcach. Chuidigh an ÚAO freisin le DFERIS dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus an reachtaíocht nua á hullmhú aige, mar a éillítear faoi Airteagal 36 den DGPR.

Thugamar faoi naoi Measúnach Tionchair um Chosaint Sonraí in 2022 freisin, chun a chinntiú go ndearnadh gníomhaíochtaí próiseála sonraí nua nó nuashonraithe i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.

Freagraíodh iarrataí ó ábhair sonraí a fheidhmíonn a gcearta cosanta sonraí de réir mar is cuí, laistigh de na creataí ama reachtacha le linn 2022. Fuair an ÚAO 10 n-iarratas ar rochtain ar shonraí pearsanta, agóid amháin i gcoinne sonraí pearsanta a phróiseáil, agus 32 iarratas ar shonraí pearsanta a léirscríodh. Tugadh aghaidh orthu go léir laistigh de na frámaí ama reachtúla.

Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Beartas Comhshaoil

Lean an ÚAO air ag obair chun a oibleagáidí a chomhlíonadh chun a lorg carbóin a laghdú 51% faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Agus úsáid á baint as an meán idir 2016 agus 2018 mar bhunlíne, bhain an ÚAO 40% de choigilteas fuinnimh amach agus 51% níos lú astaíochtaí carbóin. Is ionann gás agus sciar an ÚAO den téamh a chuireann an tiarna talún ar fáil bunaithe ar áitíocht spáis.

Sonraí SEAI M&R 2022	Leictreachas	Gás	Iomlán
Meán-Bhonnlíne Fuinnimh 2016 -2018 kWh	123,416	74,407	197,823
Ídiú Fuinnimh Deiridh 2022 (TFC) kWh	75,300	43,229	118,529
Athrú ó bhunlíne kWh	(48,116)	(31,178)	(79,294)
% Difríocht ón mbonnlíne	(39%)	(42%)	(40%)
Sprioc-thomhaltas Deiridh do 2030 kWh	214,805	123,318	338,123

Sonraí SEAI M&R 2022	Leictreachas	Gás	Iomlán
Meán-Bhonnlíne GHG 2016-2018 kgCO2	52,630	15,269	67,899
2022 GHG kgCO2	24,667	8,534	33,201
Athrú ón mbonnlíne kgCO2	(27,963)	(6,736)	(34,699)
% Difríocht ón mbonnlíne	(53%)	(44%)	(51%)
Sprioc GHG do 2030 kgCO2	11,880	7,481	19,361

Chuidigh socruithe cianoibre agus áitíocht níos ísle na n-oifigí le coigilteas fuinnimh in 2022; mar sin féin, bhí ceanglas ann do thuilleadh aeráil aerchóirithe de réir treoirilínte sábháilteachta náisiúnta. Lean an ÚAO de bheith ag gabháil do Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí (M&R) SEAI.

In 2022, chuir an ÚAO na tionscnaimh seo a leanas i gcrích: iniúchadh fuinnimh IR 426, chuaigh sé i dteagmháil le bainistíocht saoráidí an tiarna talún chun rochtain a fháil ar chóras méadráithe leictreachais an fhoirgnimh; oibríochtaí aerchóirithe optamaithe ag leanúint treoirilínte náisiúnta sábháilteachta; digitiú leathnaithe thar fhormhór na bpróiseas oibre; glacadh go foirmiúil le Sainordú an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus glacadh páirt i bhfeachtas geimhrídh SEAI/OPW Reduce Your Use. Chomhlíon an ÚAO nósanna imeachta íocaíochta Imlitir 1/2020 chun 1.07 tona d'astaíochtaí CO2 a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh in 2021.

RÁITIS AIRGEADAIS

don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

Ráitis Airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

Faisnéis

Seoladh: 3 Áras Shíol Bhroin,
Ascaill Crampton, Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath 4.

Iniúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí: Banc AIB cpt,
1 -4 Sráid Bhagóid Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Comhairleoirí DLí: Eversheds Sutherland, Ionad Phort an Iarla,
1 Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas Rialachais an Údaráis um Ard-Oideachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Reachtaíocht

Bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Aisghaireadh an tAcht seo agus cuireadh Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 ina ionad a thosaigh an 10 Samhain 2022. Is é cuspóir na reachtaíochta nua foráil a dhéanamh maidir le hathruithe ar fheidhmeanna agus rialachas an Údaráis um Ard-Oideachais agus maoirseacht a dhéanfaidh sé ar sholáthraithe ardoideachais ar institiúidí ardoideachais ainmnithe iad faoin Acht seo, chun foráil a dhéanamh maidir le straitéis don oideachas treasach a ullmhú, a athbhreithniú agus a leasú, chun foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht níos fearr le mic léinn, chun foráil a dhéanamh maidir le cothromas rochtana ar an ardoideachas agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus sholúbtha, agus maidir le rannpháirtíocht agus maidir le rath a chur chun cinn san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus san fhoghlaim sholúbtha, foráil a dhéanamh maidir le soláthraithe áirithe ardoideachais a ainmniú mar institiúidí ainmnithe ardoideachais agus, más iomchuí, deireadh a chur leis an ainmniú sin in imthosca áirithe, leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le comhdhéanamh údaráis rialaithe nó comhlachtaí rialaithe institiúidí ainmnithe áirithe ardoideachais, Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, a aisghairm agus a ionadú agus leasú a dhéanamh ar reachtaíocht eile lena n-áirítear Acht na nOllscoileanna 1997, Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (Leasú), 1994, An tAcht um an gColáiste Ealaíne is Deartha, 1971, an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011, an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 agus chun foráil a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara. Tá feidhmeanna an Údaráis um Ard-Oideachas leagtha amach in Alt 9 den Acht seo.

Rialachas

Tá Bord an Údaráis um Ard-Oideachas cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Feidhmíonn sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist ghnó. Tá freagracht ar an bPríomhfheidhmeannach (POF) agus ar a fhoireann bainisteoirí sinsearach (SMT) as bainistíocht, rialú agus treo rialta lá go lá an Údaráis um Ard-Oideachas. Ní mór don bPOF agus don SMT cloí leis an treoir straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den mBord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar theagmháil dhíreach idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis um Ard-Oideachas.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Sceideal na nÁbhar atá i Leataobh don Bhord ina bhfuil an t-ábhar a chuirtear i leataobh go saineúil i gcomhair chinneadh de chuid an Bhoird. Áirítear le míreanna seasta atá le breithniú ag an mBord:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha,
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais,
- tuarascálacha feidhmiúcháin.

Féachann an Bord le prionsabail dhea-chleachtas na hearnála poiblí a chomhlíonadh ina ghníomhaíochtaí féin agus ina úsáid coistí.

Ceanglaítear ar an Údarás um Ard-Oideachas, faoi Alt 22 den Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, (Alt 20 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971 roimhe seo) i bhfoirm a d'fhaomhfaidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le comthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, taifead a choinneáil ar gach cuntas cuí agus gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh sé ar aghaidh i mbun oibriúcháin, agus
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta ina nochtar, faoi chruinneas réasúnach ag an am, a staid airgeadais agus trína gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachais, 2022 (Alt 20 de Sceideal Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971 roimhe seo).

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis um Ard-Oideachas trí thagairt dá phlean gnó bliantúil 2022 ar a chruinniú den 24 Eanáir 2023.

Tá an Bord freagrach as sócmhainní an Údaráis um Ard-Oideachas a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas amhail an 31 Nollaig 2022.

Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach agus ocht ngnáthchomhalta déag ar a mhéid atá ar Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971. Ag tús na bliana bhí cathaoirleach agus ceithre ngnáthchomhalta déag ann. D'fhág triúr ngnáthchomhalta le linn 2022 agus níor tháinig aon duine ina n-ionad. An 10 Samhain 2022 cuireadh tús le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 agus bunaíodh Bord nua. Tá cathaoirleach agus aon ngnáthchomhalta déag ar an mBord nua. Ceapann an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta comhaltaí. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí seachtar (64%) comhalta foirne ban agus ceathrar (36%) comhalta foirne fireann ag an mBord. Ní chomhlíonann an comhdhéanamh ballraíochta seo sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ach bhí folúntas amháin gan líonadh ar an mBord amhail an 31 Nollaig 2022 áfach.

Athruithe Boird le linn 2022

D'éirigh an Dr Deirdre Lillis as an mBord an 9 Márta 2022.

Chríochnaigh an Dr Jim Mountjoy agus an tUasal Bahram Bekhradnia a dara téarma oifige an 19 Meitheamh 2022 agus ní raibh siad incháilithe lena n-athcheapadh.

Chríochnaigh Clare Austick, Uasal, a téarma oifige mar Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) an 30 Meitheamh 2022 agus tháinig Beth O'Reilly Uasal, Uachtarán nuathofa USI, ina hionad mar chomhalta an 1 Iúil 2022.

Chríochnaigh na comhaltaí go léir a bhí ann an 10 Samhain 2022 a dtéarma oifige ar an mBord le tosach feidhme Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 agus ceapadh Bord nua. Athcheapadh an Cathaoirleach ar an mBord nua go dtí an 27 Iúil 2024 agus athcheapadh deichniúr ngnáthchomhalta go dtí an 9 Samhain 2023. Roghnaigh an Dr Ronan Lyons gan glacadh le hathcheapachán.

Sonraítear sa tábla thíos comhaltaí an Bhoird le linn na bliana agus a ndáta ceapacháin.

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha	Athcheaptha
Michael Horgan	Cathaoirleach	27/07/2016	10/11/2022
Orla Feely	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Bahram Bekhradnia	Gnáthchomhalta	27/06/2017	n/a
Darina Kneafsey	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Deirdre Lillis	Gnáthchomhalta	27/11/2017	n/a
Jim Mountjoy	Gnáthchomhalta	27/06/2017	n/a
John Wall	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Judith Eaton	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Beth O'Reilly	Gnáthchomhalta	01/07/2022	10/11/2022
Lynn Ramsey	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Pól Ó Mórain	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Ronan Lyons	Gnáthchomhalta	27/11/2017	n/a
Sharon Feeney	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Sinéad O'Flanagan	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Tony Donohoe	Gnáthchomhalta	27/07/2016	10/11/2022
Clare Austick	Gnáthchomhalta	01/07/2019	n/a

Meastóireacht Boird

Moltar sa Chód Cleachtais um Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 go dtabharfadh an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht an Bhoird agus meastóireacht sheachtrach gach trí bliana ar a laghad. Bhreithnigh an Bord torthaí a fhéinmeastóireachta 2021 ag a chruinniú i mí an Mhárta 2022. D'fhaomh an Bord na téarmaí tagartha le haghaidh meastóireachta seachtraí i mí na Samhna 2022 agus bhreithnigh sé na torthaí ag a chruinniú i mí an Mheithimh 2023.

Sceideal Tinrimh

Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire le linn 2022 agus tá sonraí tinrimh na gcomhaltaí leagtha amach thíos:

	An Bord
Líon Iomlán Cruinnithe	9
Michael Horgan	8/9
Orla Feely	9/9
Bahram Bekhradnia	2/4
Darina Kneafsey	8/9
Deirdre Lillis	2/2
Jim Mountjoy	3/4
John Wall	8/9
Judith Eaton	8/9
Beth O'Reilly	2/5
Lynn Ramsey	9/9
Pól Ó Mórain	9/9
Ronan Lyons	3/7
Sharon Feeney	8/9
Sinéad O'Flanagan	9/9
Tony Donohoe	9/9
Clare Austick	3/4

Tá sonraí i ndáil le táillí agus costais chomhaltaí Boird ar fad le fáil i Nóta 17 leis na ráitis airgeadais.

Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú Inscne

Aithníonn an tÚdarás um Ard-Oideachais an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú do gach comhalta foirne san Údarás um Ard-Oideachas agus tá grúpa oibre bunaithe aige chun cur i bhfeidhm Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEanála Poiblí de chuid an Údarais um Ard-Oideachas a phleanáil agus a mhaoirsiú faoin Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Tá seisear (60%) ban agus ceathrar (40%) comhalta fireann ag foireann shinsearach bainistíochta an Údarais um Ard-Oideachas.

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

Feidhmíonn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Ní comhlacht reachtúil é an IRC. Ceapann an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta comhaltaí na Comhairle tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá cathaoirleach, deichniúr gnáthchomhalta agus comhalta ex-officio ar an gComhairle. Tá dhá fholúntas ar an gComhairle faoi láthair, poist an chathaoirligh agus gnáthchomhalta. Ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana. Tháinig an Chomhairle le chéile ceithre huair le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an IRC le linn na bliana agus a ndáta ceapacháin:

Comhalta den Chomhairle	Ról	Dáta Ceaptha	Líon Cruinnithe A nDearnadh Freastal Orthu
Daniel Carey*	Cathaoirleach Eatramhach	25/05/2022	4/4
Kieran Conboy**	Gnáthchomhalta	31/08/2019	2/3
Catherine Godson*	Gnáthchomhalta	15/12/2022	4/4
Patricia Kearney*	Gnáthchomhalta	15/12/2022	2/4
Liam Barry*	Gnáthchomhalta	15/12/2022	4/4
Turlough Downes	Gnáthchomhalta	15/11/2020	3/4
Orla Muldoon	Gnáthchomhalta	15/11/2020	4/4
Claire Connolly	Gnáthchomhalta	08/10/2021	3/4
Colin Scott	Gnáthchomhalta	08/10/2021	3/4
Sinéad Ryan	Gnáthchomhalta	12/09/2022	0/0
Peter Brown***	Comhalta Ex-officio	09/10/2017	2/2
Louise Callinan	Comhalta Ex-officio	11/07/2022	2/2

* Athcheaptha don dara téarma.

** Chríochnaigh sé a dhara téarma an 31 Lúnasa 2022.

*** An Dr Louise Callinan tagtha ina áit mar chomhalta ex-officio an 11 Iúil 2022.

Coistí

Bhí ocht gcoiste ag an mBord le linn 2022. Sheas gach coiste síos an 10 Samhain 2022 nuair a achtaíodh Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 agus nuair a ceapadh Bord nua. Chomhaontaigh an Bord struchtúr coiste agus ballraíocht nua ag a chruinniú an 24 Eanáir 2023.

Seo a leanas sonraí na gcoistí le linn 2022:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le bainistíocht riosca, rialú, rialachas agus cinnteacht ghaolmhar a chur i gcrích. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cuireann siad léargas neamhspleách ar fáil maidir le rioscaí agus córais bainistithe riosca. Áiríthíonn an CIR go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR don mBord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an CIR le chéile trí huair le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an CIR i rith na bliana:

Comhalta	Líon Cruinnithe A nDearnadh Ceaptha in 2022	Freastal Orthu
Sharon Feeney* (Cathaoirleach)	09/03/2022	3/3
Deirdre Lillis* (Cathaoirleach roimhe seo)		0/0
Pól Ó Móraín		3/3
Lynn Ramsey		3/3
Darina Kneafsey		1/3
Orla Feely	14/06/2022	1/1
Beth O'Reilly	01/07/2022	1/1
Anne Brady (Seachtrach)		3/3

* Ghlac an Dr Sharon Feeney post mar Chathaoirleach ar an gcoiste tar éis don Dr Deirdre Lillis éirí as an mbord an 9 Márta 2022.

An Coiste Airgeadais agus Rialachais

Is é ról an Choiste Airgeadais agus Rialachais (A&R) athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le cúrsaí airgeadais agus rialachais agus na leithdháiltí deontais atá beartaithe a thabhairt d'institiúidí ardoideachais, ag féachaint do thosaíochtaí beartais atá leagtha síos ag an mBord. Tá sé freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar airgeadas inmheánach an Údaráis Ardoideachais lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais bhainistíochta agus ar bhuiséid. Tuairiscíonn an F&G don Bhoird tar éis gach cruinnithe. Tháinig an F&G le chéile sé huair le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Airgeadais agus Rialachais i rith na bliana:

Comhalta	Líon Cruinnithe A nDearnadh Ceaptha in 2022	Freastal Orthu
Sinéad O'Flanagan (Cathaoirleach)		6/6
Michael Horgan		6/6
Judith Eaton		5/6
Bahram Bekhradnia*		2/3
Clare Austick**	14/06/2022	3/4
Beth O'Reilly	01/07/2022	1/2
Anne Brady (External)		6/6
Tony Donohoe	14/06/2022	3/3
Lynn Ramsey	14/06/2022	3/3

* Chríochnaigh an dara téarma mar chomhalta boird an 19 Meitheamh 2022.

** Beth O'Reilly tagtha ina háit an 1 Iúil 2022

An Coiste um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Is é ról an Choiste um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (SDMP) tacú leis an mBord i dtaobh maoirseacht a dhéanamh ar chóras comhordaithe institiúidí ardoideachais a cruthú agus a fhorbairt, lena mbaineann misean soiléir, ilghnéitheach i gach cás agus ina bhfuil fócas láidir ar thorthaí agus ar mhaoiniú ar mhaithe le feidhmiúlacht. Tuairiscíonn an CIR don mBord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an SDPM le chéile ceithre huair le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an Choiste um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i rith na bliana:

Comhalta	Líon Cruinnithe Ceaptha in 2022	A nDearnadh Freastal Orthu
Tony Donohoe (Cathaoirleach)		4/4
Sharon Feeney		3/4
Lynn Ramsey		4/4
Judith Eaton		4/4
Michael Horgan	14/06/2022	1/2
Clare Austick*		1/3
Beth O'Reilly	01/07/2022	0/1

* Tháinig Beth O'Reilly ina háit an 1 Iúil 2022.

An Coiste um Beartas agus Pleanáil Straitéiseach

Is é ról an Choiste um Beartas agus Pleanáil Straitéiseach (PSP) anailís agus comhairle oibiachtúil a chur ar fáil ar fud saincheisteanna ardoideachais, ag aithint saincheisteanna tábhachtacha beartais agus ceannaireachta san ardoideachas – láithreach agus fadtéarmach araon – in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Agus í ag tabhairt faoin anailís bheartais seo, is é cuspóir an PSP an t-ardoideachas in Éirinn a fheabhsú, agus cuntasacht phoiblí a fheabhsú, trí thimpeallacht bheartais níos eolasaí a chruthú, agus trí fhreagairtí praiticiúla a fhorbairt ar na saincheisteanna straitéiseacha atá roimh cheannairí institiúidí ardoideachais agus gníomhaireachtaí poiblí. Tuairiscíonn an PSP don mBord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an PSP le chéile ceithre huair le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an Choiste um Beartas agus Pleanáil Straitéiseach i rith na bliana:

Comhalta	Líon Cruinnithe Ceaptha in 2022	A nDearnadh Freastal Orthu
Darina Kneafsey (Chairperson)		4/4
Sharon Feeney		3/4
John Wall		1/4
Bahram Bekhradnia*		1/2
Tony Donohoe		4/4
Judith Eaton	14/06/2022	2/2
Pól Ó Mórain	14/06/2022	1/2

* Chríochnaigh an dara téarma mar chomhalta boird an 19 Meitheamh 2022.

An Coiste um Thaighde agus Oideachas Iarchéime

Is é ról an Coiste um Thaighde agus Oideachas Iarchéime (CTOI) comhleanúnachas i ndáil le beartas a chinntiú idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, dréachtráitis beartais a ullmhú agus comhairle a thabhairt i dtaobh gnéithe den taighde agus oideachas iarchéime, maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh chuig an mBord agus chuig an gComhairle maidir le beartas taighde agus oideachais iarchéime a chur i bhfeidhm ag an gcóras institiúidí ardoideachais agus chomh-institiúidí chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh curtha ar aghaidh ag an mBord nó ag an gComhairle. Tuairiscíonn an RGE don mBord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an RGE le chéile ceithre huair le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an RGE i rith na bliana:

Comhalta	Líon Cruinnithe Ceaptha in 2022	A nDearnadh Freastal Orthu
Orla Feely (Cathaoirleach)		4/4
Sinéad O'Flanagan		4/4
Deirdre Lillis*		1/1
Jim Mountjoy**		2/2
Pól Ó Mórain		3/4
Jenna Barry*** (Seachtrach – USI)		3/3
Waqar Ahmed (Seachtrach – USI)	01/07/2022	1/4
Daniel Carey (IRC)		4/4
Liam Barry (IRC)		4/4
Orla Muldoon (IRC)		1/2
John Wall	14/06/2022	0/2
Darina Kneafsey	14/06/2022	1/2

* D'éirigh sí as oifig an 9 Márta 2022.
 ** Chríochnaigh an dara téarma mar chomhalta boird an 19 Meitheamh 2022.
 *** Tháinig Waqar Ahmed ina háit an 1 Iúil 2022.

An Coiste Achomhairc Pinsin

Is é ról an Choiste Achomhairc Pinsin (PSA) feidhm reachtúil sannta ar an tÚdarás um Ard-Oideachas a chur i bhfeidhm, is é sin achomhairc pinsin a chuireann foireann Ollscoile ar aghaidh faoi Sceideal 5 d'Acht na nOllscoileanna, 1997 a mheas. Tugtar cinneadh an Údaráis um Ard-Oideachais maidir le achomhairc dá leithéidí le toiliú ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tuairiscíonn an PSA don mBord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an PSA le chéile faoi dhó le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an PSA i rith na bliana:

Comhalta	Líon CruinnitheA nDearnadh Ceaptha in 2022	Freastal Orthu
Michael Horgan** (Cathaoirleach)		0/2
Jim Mountjoy* (Cathaoirleach roimhe seo)		1/1
John Wall		2/2
Orla Feely		1/2
Clare Austick***		1/1
Beth O'Reilly	01/07/2022	1/1
Sinéad O'Flanagan	14/06/2022	1/1
Ronan Lyons	14/06/2022	0/1

* Chríochnaigh an dara téarma mar chomhalta boird an 19 Meitheamh 2022.

** Ghlac leis an bpost mar Chathaoirleach an choiste tar éis an dara téarma oifige den Dr Jim Mountjoy a chríochnú an 19 Meitheamh 2022.

*** Tháinig Beth O'Reilly ina áit an 1 Iúil 2022.

An Coiste Ainmniúcháin

Is é ról an Choiste Ainmniúcháin (NOC) comhairle agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le ballraíocht sheachtrach de choistí an ÚAO ag féachaint do chuspóirí straitéiseacha an ÚAO. Tuairiscíonn an NOC don mBord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an NOC le chéile uair amháin le linn 2022. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Ainmniúcháin i rith na bliana:

Comhalta	Líon CruinnitheA nDearnadh Ceaptha in 2022	Freastal Orthu
Orla Feely (Cathaoirleach)		1/1
Sinéad O'Flanagan		1/1
Jim Mountjoy**		1/1
Deirdre Lillis*		1/1
Sharon Feeney	09/03/2022	0/0
Darina Kneafsey		1/1
Tony Donohoe		1/1

* D'éirigh sí as an 9 Márta 2022 agus tháinig an Dr Sharon Feeney ina háit.

** Chríochnaigh an dara téarma mar chomhalta boird an 19 Meitheamh 2022.

An Coiste Teagaisc agus Foghlama

Is é ról an Choiste Teagaisc agus Foghlama (T&L) comhairle a chur ar an mBord maidir le teagasc agus foghlaim san ardoideachas, lena n-áirítear leithdháileadh maoinithe spriocdhírthe chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.

Feidhmíonn an coiste mar fhóram náisiúnta chun breithniú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le teagasc agus foghlaim san ardoideachas. Tuairiscíonn an T&L don Bhord tar éis gach cruinnithe. Tháinig an T&L le chéile cúig huaire le linn 2022. Bhí ionadaithe ar an T&L ó speictream leathan na bpáirtithe leasmhara in ardoideachas na hÉireann lena n-áirítear beirt chomhaltaí boird, mic léinn, acadóirí, bainisteoirí sinsearach, lucht déanta beartas agus comhlachtaí ionadaíochta. Bhí Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus aon ghnáthchomhalta déag ar an T&L. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Teagaisc agus Foghlama i rith na bliana:

Comhalta	Líon CruinnitheA nDearnadh Ceaptha in 2022	Freastal Orthu
Lynn Ramsey (Cathaoirleach)		5/5
Marie Clarke (Leas-Chathaoirleach Seachtrach)		4/5
Lewis Purser (Seachtrach)		4/5
Sharon Feeney		5/5
Andrew Power		5/5
Niall Seery (Seachtrach)		5/5
Sean O'Reilly (Seachtrach)		5/5
Kersten Mey (Seachtrach)		5/5
Clodagh Mc Givern (Seachtrach)	01/07/2022	2/2
Megan O'Connor* (Seachtrach)		3/3
Paul Mc Sweeney (Seachtrach)		4/5
Jacqueline Mc Cormack (Seachtrach)		3/5
Meadhbh Costello (Seachtrach)		3/5
Karena Maguire (Seachtrach)		3/5
Leo Casey** (Seachtrach)		3/3

* Tháinig Clodagh Mc Givern ina háit an 1 Iúil 2022.

** D'éirigh sé as an 15 Meitheamh 2022.

Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá cúram ar an mBord as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás um Ard-Oideachas riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach de réir an Chóid:

Sochair Ghearrthéarmacha d’Fhostaithe

Leagtar amach sochair gearrthéarmacha d’fhostaithe a sháraíonn €60,000 i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Ní raibh aon íocaíochtaí foirceanta in 2022.

Costais Chomhairleoireachta

Gearradh na costais chomhairleoireachta seo a leanas ar Chostais Oibriúcháin:

	2022 €'000	2021 €'000
Athbhreithnithe Rialachais	34	48
Comhairle Cánach agus Achtúireach	6	13
Iníúchadh Inmheánach	63	32
Comhairle GDPR	0	3
Táillí Dlí	37	70
Taighde & Comhairle Beartais	455	638
Athbhreithnithe Seachtracha agus Comhairleacha	424	340
Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó	0	82
Eile	44	47
	1,063	1,273

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Ní raibh aon chostais dlí ag baint leis an tréimhse tuairiscithe maidir le socraíochtaí, imeachtaí comhréitigh ná eadrána. Ní áirítear air seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair an tÚdarás um Ard-Oideachas agus a nochtar faoi Chostais Chomhairleoireachta thuas.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022 €'000	2021 €'000
ÉIRE		
An Bord	10	3
Fostaithe	21	1
Idirnáisiúnta		
An Bord	8	0
Fostaithe	26	0
Iomlán	65	4

Caiteachas Fáilteachais

Déantar caiteachas fáilteachais a chatagóiriú mar seo a leanas:

	2022 €'000	2021 €'000
Foireann	7	0
An Bord	5	0
Tríú Páirtithe	2	0
Iomlán	14	0

Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 glactha ag an mBord agus tá próisis agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú.

Thar ceann Bhord an Údaráis um Ard-Oideachas:



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: An 27 Meitheamh 2023

Ráiteas maidir le Córas um Rialú Inmheánach Scóip Freagrachta

Thar ceann Bhoird an Údaráis um Ard-Oideachais admháim ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Clúdaíonn an fhreagracht úd na ceanglais atá sa Chód Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá córas na rialuithe inmheánacha ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Níl an córas in ann ach deimhniú réasúnta, agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad mar is cóir agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear go tráthúil iad.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBord an Údaráis um Ard-Oideachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus chomh fada le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag an Údarás um Ard-Oideachais ina bhfuil cúigear comhalta Boird agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Tháinig an CIR le chéile trí huair in 2022.

Cuirtear feidhm iniúchta inmheánaigh an Údaráis Ard-Oideachais amach ar conradh chuig cuideachta cuntasáochta ghairmiúil, Deloitte, i ndiaidh próisis tairisceana faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. D'fhaomh an Bord Plean Iniúcháireachta Inmheánaí 2022. Cuimsítear athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha seo ar bhonn bliantúil sa plean seo.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an Údarás um Ard-Oideachas ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Dáileadh an beartas ar an bhfoireann iomlán a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair laistigh den bheartas bainistíochta riosca, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le riosca a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as riosca agus rialú ina réimse saothair féin. Bunaíodh Clár Riosca agus, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar chúrsaí riosca ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanann an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar na rioscaí a aithnítear mar rioscaí a bhaineann leis an Údarás um Ard-Oideachas.

Ráiteas an Údaráis um Ard-Oideachais ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás um Ard-Oideachais agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an bhainistíocht an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú gach sé mhí agus déanann an CIR é a athbhreithniú. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus déantar an fhreagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar chomhaltaí foirne sonracha.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú tríd na nithe seo a leanas:

- Freagrachtaí agus údarás bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir.
- Cuntasacht shoiléir don bhainistíocht a chinntiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.
- Glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus cloí leis.
- Éifeachtacht an Bhoird a athbhreithniú.
- A chinntiú go gcuimsítear Coiste Iniúcháireachta agus Riosca gníomhach, feidhm iniúchta inmheánaigh agus tuairisciú rialta chuig an mbord maidir le torthaí airgeadais sa timpeallacht rialaithe.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat eolais bainistíochta rialta, beartais agus nósanna imeachta lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm, ach go háirithe:

- Aithníodh príomhrioscaí mar aon le rialaithe bainteacha agus bunaíodh próisis mhonatóireachta ar na bríomhrialuithe chun aon easpa a aithnítear a thuairisciú.
- Córas buiséadaithe chuimsithigh lena mbaineann buiséad bliantúil, a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú. Cuimsíonn sé seo próiseas mionsonraithe pleanála gnó.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá an tÚdarás um Ard-Oideachais go hiomlán comhlíontach maidir le soláthar.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil cleachtais ag an Údarás um Ard-Oideachas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúcháirí inmheánacha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, na hiniúcháirí seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach san Údarás um Ard-Oideachas atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe an Údaráis um Ard-Oideachais ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022 i mí an Mhárta 2023.

Níor aithníodh aon laigí i rialú a dteastaíonn iad a nochtadh sa Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach.



Michael Horgan

Cathaoirleach

Dáta: An 27 Meitheamh 2023

Tuairisc ón

ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Ard-Oideachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 mar a éilítear faoi fhorálacha Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ar chúlchistí coinneála ioncaim
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais
- ráiteas sreafaí airgid, agus
- na nótaí a ghabhann leo lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is í mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fírinneach agus cothrom ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2022 de réir an Chaighdeán Tuairisithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairisithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn.

An Bonn leis an Tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoina caighdeán sin in aguisín na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás agus chomhlíon mé gach freagracht eiticíúil eile de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé dóthanach agus cuí le bunús a chur ar fáil do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás faisnéis áirithe eile ar fáil i dteannta na ráiteas airgeadais. Áirítear ráiteas rialachais agus tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird, ráiteas ar an gcóras um rialú inmheánach agus sceideal i ndáil le deontas ioncaim. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le heolas mar sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil in aguisín na tuarascála seo.

Níl aon rud le tuairisciú ar na ghnóthaí sin.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 28 Meitheamh 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh iomchuí agus
- an rialú inmheánach siúd a mheastar a bheith riachtanach chun ullmhú ráitis airgeadais a chumasú atá saor ó mhíríteas ábhartha, is cuma an mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná cinnteacht réasúnach a fháil ar an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha nó nach bhfuil, is cuma an mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann cinnteacht réasúnach agus leibhéal ard cinnteachta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na Cllna míshonrú ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráitis airgeadais sin.

Bainim úsáid as breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta mar chuid den iniúchadh de réir na Cllna. Agus mé á dhéanamh,

- Aimsím rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu, de dheasca calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin agus cuirim i gcrích iad; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an riosca nach mbraifear míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná de dheasca earráide, de bhrí gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, faillí d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach i gceist i gcalaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna iniúchta a dhearadh a bheidh oiriúnach do na cúinsí atá ann, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht mheastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe a bhaineann leo.
- Tagaim ar thuairim faoi cé chomh cuí is atá úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, faoi cibé

an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtáí gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó mura leor na nochtáí sin, mo thuairim a mhionathrú. Bunaím mo chonclúidí ar an fhianaise iniúchta a fhaightear suas go dáta m'iniúchta. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí todhchaí cúis a thabhairt don Údarás chun scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí agus cibé an dtugann na ráitis airgeadais léiriú ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir leis an scóip agus am atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí iniúchta suntasacha i measc ábhair eile. Áirítear leis seo aon easnamh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn mo chuid iniúcháireachta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- Nach bhfuair mé an t-eolas nó na mínithe ar fad atá ag teastáil do m'iniúchadh nó
- Murar leor iad na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go tráthúil agus go cuí, nó
- Nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasaíochta.

